Nollaig 2012

Nuachtlitir Choláiste Feirste

92% de dhaltaí Choláiste Feirste ag baint barr feabhais GCSE amach

This year Coláiste Feirste students have bucked the trend of declining exam results elsewhere. An incredible 92% of Year 12 pupils achieved the benchmark 5 or more GCSEs with a significant rise in the number of students achieving A* and A grades in all subjects. No pupil gained less than 4 good grades at GCSE and many achieved 10 top grades. The vast majority of these pupils have returned to 6th Form this year to continue their Irish-medium education for the next two years.

D'éirigh le daltaí Choláiste Feirste gráid den chéad scoth a bhaint amach sna scrúduithe GCSE. Bhain 92% de na daltaí an tagarmharc de 5 nó níos mó GCSE amach i mbliana. Tá ardú suntasach fosta i líon na ndaltaí a ghnóthaigh gráid A* agus A i réimse leathan ábhar. Ní bhfuair dalta ar bith níos lú ná 4 GCSE agus fuair cuid acu na barrghráid i 10 n-ábhar GCSE. Tháinig tromlach mór na ndaltaí seo ar ais chuig an scoil i mbliana chun tabhairt faoin staidéar sa Séú Foirm. Dúirt Pádraig Mac Cathail, Ceann Bliana ar an ghrúpa daltaí seo, "Thar ceann fhoireann Eocharchéim 4, ba mhaith liom comhghairdeas ó chroí a dhéanamh leis na daltaí agus a dtuismitheoirí ar na gráid iontacha atá bainte amach acu. Ba mhór an pléisiúr dúinn bheith ag obair leis na Gaeil óga seo le dhá bhliain anuas. Ní amháin gur daltaí den scoth iad ach is daoine óga den chéad scoth iad atá i ndiaidh forbairt agus fás mar dhaoine aibí agus mar Ghaeil. Is iontach an lá é seo don scoilphobal s'againne." Bhí pasráta de 100% ag an Eolaíocht, an Fhraincis, an Drámaíocht, Staidéir Mhótar-Feithicil, Sláinte & Cúram Sóisialta agus an Tíreolaíocht. D'éirigh le Roinn na Matamaitice an ráta pas a mhéadú faoi dhó - éacht nach beag agus an Mhatamaitic mar mhór-sprioc forbartha i scoileanna Bhéal Feirste. Rinne Príomhoide na scoile, Micheál Mac Giolla Ghunna, comhghairdeas le daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile - go háirithe an bheirt ar bronnadh duais an bharrfheabhais orthu ag an Oíche Bhronnta as 10 GCSE a bhaint amach le gráid A* agus A!

Stair na nGaelscoileanna le Bliain 12

Year 12 Irish pupils made a great start to the school year with a presentation on the history of the Gaelscoileanna in the north. This study was undertaken as part of their GCSE Gaeilge Controlled Assessment and while the work was important for their final exam grade the process proved enjoyable, inspirational and informative as well.

Ní minic a fheictear daltaí scoile ar scoil go fóill ar a ceathair a chlog sa lá, go háirithe i Mí Mheán an Fhómhair. Mar sin de, bhí iontas ach áthas ar mhuintir na scoile go raibh seomraí ríomhaireachta an choláiste plódaithe le daltaí Bhliain 12 i rith na míosa sin. Roghnaíodh 'Stair na nGaelscoileanna sna Sé Chontae' mar ábhar an chuir i láthair. Thug iardhalta dár gcuid, Fearghal Mac Ionnrachtaigh, caint inspioráideach ar stair na Gaeilge agus bhí faill ag na daltaí blas shaol na bunscoile a fháil ó Dhiarmaid Ua Bruadair agus Emer Mhic an Fhailí fosta. Glacadh na daltaí ar aistear cúpla céad bliain le linn an staidéir sin, faoi mheath agus faoi bhláth na Gaeilge. Dúirt Karen Ní Mhuirí (12B): "Leis an fhírinne a dhéanamh thug an cur i láthair seo inspioráid dom Gaeilge a labhairt mar gur fhoghlaim mé neart rudaí fá stair na Gaeilge agus gur rud iontach speisialta í an Ghaeilge." D'éirigh go geal leis na daltaí go léir grád maith a bhaint amach ach níos tábhachtaí arís, d'fhoghlaim siad neart faoina dteanga dhúchais.

Cód an Bhealaigh Mhóir

Environment Minister Alex Attwood made a visit to Coláiste Feirste on 24/09/12 to officially launch an Irish language version of the Highway Code. Motor Vehicle and Road User Studies teacher Peadar Ó Conghaile has welcomed the translation. We would also like to thank Forbairt Feirste for their support in translating the Highway Code for our students.

Is ionann Cód an Bhealaigh Mhóir agus rialacha sábháilteachta an bhóthair sna sé chontae. Beidh Cód an Bhealaigh Mhóir in úsáid ag daltaí GCSE Staidéar ar Mhótarfheithicil agus Úsáideoirí Bóithre (SMÚB) i nGaeilge den chéad uair i mbliana. B'éigean do na daltaí an Béarla a úsáid anuraidh, rud nach raibh praiticiúil. In ainneoin an Bhéarla, áfach, d'éirigh go geal le daltaí SMÚB nuair a bhain 100% de na daltaí grád B amach sa GCSE. Is gá buíochas a ghabháil le Forbairt Feirste a thacaigh go dlúth linn, Cód an Bhealaigh Mhóir, a chur ar fáil dár ndaltaí trí-mheán na Gaeilge.

Múrphictiúr Chos an Fhathaigh

Autumn rain did not dampen the spirits of those gathered at Coláiste Feirste's launch of Danny Devenney's mural tribute, celebrating Ireland's Olympic sporting heroes and honouring Titanic's lost souls. Following the emotional launch, staff and students got the chance to join sporting heroes, Paddy Barnes, John McNally and Jim McCourt in the college's historically listed library (formally convent chapel) and were treated to fresh scones and warm coffee. Cé gur lá fliuch fuar feanntach a bhí ann ar an Luan 24 Meán Fómhair níor mhaolaigh dea-atmaisféar an lae, diomaite den drochaimsir. Chuir muintir na scoile fáilte mhór roimh an chinneadh, nuair a chuala siad go mbeadh deis athphéinteála á déanamh ar phríomhbhalla na scoile. Chonacthas do dhaltaí Choláiste Feirste go raibh deis cheiliúrtha os a gcomhair agus tapaíodh an deis sin. Tháinig laochra spóirt na cathrach le chéile leis an mhúrmhaisiú gleoite a lainseáil. I measc na laochra spóirt, bhí an dornálaí a bhfuil clú agus cáil ar fud na hÉireann air, Paddy Barnes ann. D'fhreastail dhá ghlúin eile d'ionadaithe Oilimpeacha as Iarthair Bhéal Feirste ar an lainseáil freisin. Chomh maith le Paddy, bhí John McNally (Bonn Airgid, Heilsincí 1952) agus Jim McCourt (Bonn Cré-Uamha, Tóiceo 1964) ann. Cé go bhfuil an-bhéim ar na Cluichí Oilimpeacha sa mhúrphictiúir, tá sé ríthábhachtach go gcuimhnítear ar an *Titanic*. Bhí sé mar rún agus aidhm ag na daltaí agus ag Danny go gcuirfidís leis an cheiliúradh a rinneadh ar an *Titanic* i mBéal Feirste i rith na bliana. Ní bheadh aon argóint ag aon duine, nár bhain siad a sprioc amach, leis an tragóid a tharla in Aibreán na bliana 1912 a léiriú agus a chéiliúradh.

Niall O Donnghaile

Coláiste Feirste alumni have succeeded near and far, in all fields of work, and it gave us great pride to highlight the work of Niall Ó Donnghaile, who has completed his term of office in Belfast City Council in the esteemed position of Lord Mayor earlier in the year. Niall was honoured at City Hall on Friday 5th October with the unveiling of a mural dedicated to his hard work throughout the year as Lord Mayor.

Bhí bliain mhór ghnóthach ag Niall Ó Donnghaile nuair a chaith sé seal bliana mar Ardmhéara ar Bhéal Feirste. Tháinig deireadh leis an seal sin i Meitheamh na bliana seo. Mar a rinneadh do gach Ardmhéara na cathrach roimhe seo, cuireadh portráid in ómós de Niall Ó Donnghaile in airde, i Halla na Cathrach. Mhaisigh an t-ealaíontóir áitiúil Danny Devenney an múrmhaisiú dathúil de Niall, le cúnamh ó uncail Niall, Seán Mac an Bheatha. Tá an phortráid s'aige bunaithe ar mhuintir Bhéal Feirste agus tá an chathair á ceiliúradh sa phortráid. Chaith Niall tréimhse rathúnasach rathúil mar Ardmhéara i mbliana agus bhí formhór na cathrach an-bhuíoch as ucht a chuid oibre agus díograise. Is léir nach ndearna Niall dearmad cárbh as ar tháinig sé le linn a thréimhse mar Ardmhéara. Is ar éigean nach raibh Niall sa scoil, ba mhinic a thug sé cuairt le comhairle chuí a chur ar ár ndaltaí nó le himeachtaí a lainseáil sa scoil. Comhghairdeas leat, a Niall.

Caitlín ar cuairt le Corn na hÉireann.

From the grand rooms of Belfast's City Hall, to the capital pitches of Croke Park, Coláiste Feirste has made a historic appearance once again. Our heartfelt congratulations to past pupil, Caitlín Nic Aodha, who visited staff and pupils, to share with us Antrim's fantastic win against Louth in the All-Ireland Junior Football Championship. Special mention to our very own, Niamh Nic Ionnrachtaigh, who led the players on to the pitch, cheered on by her Year 10 peers.

Bhí bród millteanach mór orainn nuair a fuair muid amach go raibh ról lárnach ag iardhalta dár gcuid, Caitlín Nic Aodha, i mbua Aontroma i gCraobh na hÉireann, i mbliana. Thosaigh Caitlín ar an scoil sa bhliain 2000, bhí rath nach beag uirthi agus í ar scoil, go hacadúil agus go spórtúil. Bhain sí céim sa Ghaeilge amach ar an ollscoil agus is múinteoir cáilithe anois í. Níor bhris sí teagmháil leis an scoil agus nuair a d'iarr muid uirthi an corn a ghlacadh isteach agus cúpla focal spreagúla a bheith aici leis na daltaí, thapaigh sí an deis. Thug sí cuairt ar an Chéadaoin 9 Deireadh Fómhair agus an corn ina lámha aice go bródúil. Tháinig sí isteach chun labhairt agus chun spreagadh a thabhairt dár ndaltaí, cé go raibh sí ag ceiliúradh leis na mná eile go fóill. Ní mór dúinn, Niamh Nic Ionnrachtaigh a luaigh fosta. Threoraigh Niamh agus captaen foirne faoi-14 an Lú, an dá fhoireann amach ar an pháirc. Deis iontach a bhí inti, do Niamh a bheith ar Pháirc an Chrócaigh ach tá muid cinnte nach sin an uair dheireannach a bheas sí ar fhód na himeartha sin. Maith sibh féin, a chailíní.

Aisling Ní Raghallaigh – An Lámh in Uachtar

It isn't every day Coláiste Feirste can boast of having a world champion as one of its past pupils! Aisling Ní Raghallaigh glowed throughout her afternoon visit to her old school and inspired the next generation of sporting Gaels with her win in the Women's Singles World Championship. Senior teacher, Séamus Ó Tuama also won a silver medal in the doubles competition. Séamus was proud to wear his silver medal and host a Q&A session with GCSE and BTEC Sports Studies students, with his past-pupil, Aisling, by his side.

Bhí buanna nach beag ag iardhalta agus múinteoir spóirt Choláiste Feirste ar na mallaibh, ag Craobhchomórtais Liathróid Láimhe an Domhain. Tháinig le hAisling Ní Raghallaigh bonn óir a bhaint i gCraobhchomórtas na mBan agus d'éirigh le Séamus Ó Tuama bonn airgid a bhaint sna cluichí dúbailte in Óstán *Citywest* i mBaile Átha Cliath (16 & 18 Deireadh Fómhair). Ar an droch uair, gortaíodh gualainn Shéamuis go dona le linn an chluiche agus b'éigean dó a tharraingt amach. I gcluiche ceannais na mban, bhí beirt bhall de Naomh Pól, beirt chairde agus beirt Fheirsteach (Aisling Ní Raghallaigh agus Fiona Shannon) in iomaíocht lena chéile.

Tháinig Aisling ar cuairt lena bonn domhanda chugainn ar an Luan 22 Deireadh Fómhair, cé go raibh sí ag eitilt go Meiriceá ar an lá dár gceann (Comórtas eile ina raibh an bua aici). Bhí faill ag daltaí an choláiste a ngrianghraf agus rud beag comhairle a fháil uaithi. Chuir sí comhairle luachmhar ar ár ndaltaí spóirt maidir le haistí bia agus an cineál traenála a dhéanann sí.

Gradam Leabhar na Bliana 2012 - Daltaí an Choláiste sa spotsolas!

The Sugarclub, Dublin was the venue for this year's Leabhar na Bliana which recognises the literary brilliance of current Irish writers. Coláiste Feirste featured strongly at this event through a dramatic representation of some of the wonderful characters in the novels. Senior students from Coláiste Feirste and Coláiste Iosagáin, Dublin debated the motion, 'Tá ré leabhar na Gaeilge thart'

Dé Céadaoin 21/11/12, thug daltaí Choláiste Feirste aghaidh ar phríomhchathair na tíre chun cuairt a thabhairt ar mheánscoil lán-Ghaeilge eile, Coláiste Íosagáin. Ní sin an t-aon fháth ar bhuail muid an bóthar go Baile Átha Cliath, áfach. Bhí na daltaí ansin le freastal agus le páirt a ghlacadh sa ghradam bliantúil, Leabhar na Bliana. Thaistil an rang drámaíochta go Baile Átha Cliath ar bhus na scoile go luath ar maidin agus an oíche sin ar intinn acu. Bheadh siad ag ceiliúradh na leabhar a bhí ainmnithe trí dhráma a dhéanamh ar a son. D'oibrigh an lucht drámaíochta go dícheallach díograiseach le cúpla seachtain roimhe sin, chun an dráma a chur le chéile. Lena chois sin, bhí triúr daltaí, Nuala Mheascaigh, Déaglán Mac Conmhaoil agus Aoife Ní Dhochartaigh, ag glacadh páirte in óráid faoi ré agus faoi fhiúntas na leabhar Gaeilge i láthair na huaire. D'éirigh go geal le cách. Sula ndeachaigh daltaí Choláiste Feirste go dtí an comórtas, chuaigh siad ar cuairt go Coláiste Íosagáin. Chuir daltaí agus foireann an choláiste, fearadh na fáilte roimh lucht Choláiste Feirste. Ba mhór an onóir a bheith ag éisteacht le Gaeil óga na tíre ag cur chun cinn na teanga binne s'againne i rith an lae. Na Gaeil Óga Abú!

Cuir sa Bhruscar iad! – Comórtas Fhadhb na nDrugaí

3 GCSE pupils won £50 per person recently in the 'Bin-it' Competition. The scheme aims to educate young people about the dangers of taking drugs and create a safe way for them to dispose of drugs through the introduction of the Drug Drop Safe. Our pupils seized the opportunity to design a poster to promote the campaign.

D'éirigh le triúr daltaí GCSE, £50 an duine a bhaint ar son an tsaothair ealaíne s'acu ag Cnoc an Anfa sa téarma seo a chuaigh thart. 'Bin-It' an t-ainm a bhí ar an chomórtas a d'eagraigh Comhairle Phobail na bhFál. Tionscnamh nua atá á chur chun cinn sa phobal ar an bhomaite. Is í aidhm an tionscnaimh ná daoine sa cheantar a spreagadh le fadhb na ndrugaí a réiteach. Beidh bosca bruscair speisialta ann sa phobal le drugaí amháin a chur iontu. Thapaigh ár ndaltaí an deis chun póstaer a dhearadh leis an teachtaireacht a chur amach ansin.

Foireann Sacair Choláiste Feirste ag dul ó neart go neart

While Gaelic sports hold pride of place in Coláiste Feirste we are also proud of our students achievements in other sports including Soccer. The Senior Soccer team managed an impressive win over rivals North Belfast School Boys Model this month. Bhí bua iontach ag daltaí Choláiste Feirste sa sacar i Mí na Nollag. Is iomaí uair a bhíonn buanna ag Coláiste Feirste sa pheil agus san iomáint, ach is léir ón chluiche seo in éadán *Boys Model* go bhfuil na daltaí ag dul go ó neart go neart sa sacar, chomh maith. D'éirigh linn an cluiche a bhaint ar scór 8-1. Bhí na bainisteoirí, Pádraig Mac Cathail agus Eoghan Ó Néill, an-bhródúil as na daltaí as scoth na himeartha i gcaitheamh an chluiche.

In Ómós Anne.

It is difficult to describe the communal grief felt by the Irish language community, and in particular, Coláiste Feirste, at the loss of our esteemed colleague, Anne Hand. Anne worked in the school since our early Cultúrlann days and was a mother figure to our pupils for over a decade. Our deepest sympathy to her children and CF past pupils, and her devoted husband, Teddy.

Ba mhór an t-ualach bróin a bhí ar mhuintir Choláiste Feirste nuair a fuair Anne Hand bás i mbliana. Cailliúint mhór a bhí inti don scoil agus do Ghaeil Bhéal Feirste. Thosaigh Anne amach ag obair ar an scoil mar bhean dinnéir sa Chultúrlann. D'aistrigh sí leis an scoil go Teach Ard na bhFeá. Rúnaí a bhí inti sa scoil úr, nó sin a bhí inti go hoifigiúil. Ní mar sin a bhíothas ar chor ar bith, áfach. Léirigh Anne an-chairdeas do dhaltaí agus d'fhoireann na scoile ag an am sin agus ba mhinic a chuaigh daltaí chuici agus fadhb ná buaireamh acu. Mar sin de, bhí brón ach bród ar mhuintir na scoile nuair a d'imigh Anne sa bhliain 2007 le hiarchéim sa mhúinteoireacht a bhaint amach. I ndiaidh di sin a ghnóthaigh, chaith sí sealanna i mBunscoil Phobal Feirste agus Scoil na Fuiseoige agus í ag cur chun cinn na Gaeilge, i measc na nGael óg. Bhí bród agus paisean nach beag aici don Ghaeilge. Is beag duine nár tháinig deoir lena súile nuair a chualathas nach raibh Anne linn a thuilleadh. Bhí Clann Mhic Láimhe an-bhródúil as na héachtaí a bhain a máthair amach sa saol, go háirithe nuair a bhain Anne an PGCE amach sa bhliain 2008. Is cinnte go mbeadh lúcháir ó chroí uirthi gur thóg an teaghlach níos mó ná £8000 ar na mallaibh ina hainm ar son *Mac Millan Cancer*. Go raibh a hanam uasal Gaelach ar lámh dheas Dé.

Focal ón Eagarthóir

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le foilsiú na nuachtlitreach seo. Is gá dom mar sin, buíochas ar leith a ghabháil le Diarmaid Ua Bruadair agus le hEmer Mhic an Fhailí as ucht a gcuid tacaíochta le linn scríobh na nuachtlitreach. Beannachtaí na Nollag Oraibh! **Máirtín Mac Gabhann**

Teach Ard na bhFeá, 7 Páirc Radharc na bhFeá, An Ceathrú Gaeltachta, Béal Feirste BT12 7PY
Fón: 028 9032 0707 **Fács:** 028 9032 4301 **Suíomh gréasáin:** www.coláistefeirste.com